

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2024
(OR. en)**

16123/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0437(COD)**

**TRANS 509
CODEC 2205**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	15760/24 + COR1
Uimh. an doic. ón gCoim.:	16284/23 + ADD1
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas – Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. An 29 Samhain 2023 chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/20, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas. Is mar chuid de phacáiste chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sa chreat rialála atá ann faoi láthair maidir le cearta paisinéirí a tíolacadh an togra, mar aon leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha.

2. Is é is aidhm don togra forfheidhmiúcháin aghaidh a thabhairt, tríd an méid seo a leanas, ar na heasnamh i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú chearta na bpaisinéirí:
- forfheidhmiú éifeachtach éifeachtúil a áirithiú ar fud na mBallstát uile agus i ngach mód iompair, trí bhíthin uirlisí níos éifeachtaí chun faireachán a dhéanamh ar oibreoirí maidir le comhlíonadh ceart paisinéirí;
 - láimhseáil gearán níos éifeachtaí a áirithiú do phaisinéirí gan beann ar an mód iompair;
 - i gcás ticéid aerlíne a chuirtear in áirithe trí idirghabhálaí, lena rialaítear an ceart aisíocaíocht a fháil ar chostas iomlán ticéid i gcás nach gcuirtear an eitilt i gcrích mar a bhí beartaithe.

Ní bhunaítear leis an togra aon chearta nua paisinéirí. Is é an aidhm atá aige an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cosaint paisinéirí agus oibleagáidí na n-íompróirí agus na mbainisteoirí bonneagair.

3. Tá an dréachtrialachán bunaithe ar Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh Matteo Ricci (S&D, IT) ina rapóirtéir. Ní dhearna an coiste sin cinneadh i leith an togra fós.
5. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 30 Márta 2024¹. Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh maidir leis an togra seo.

¹ IO C, C/2024/3382, 31.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3382/oj>.

III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS I DTIONÓL A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

6. Cuireadh an dá thogra, an togra maidir le forfheidhmiú agus an togra maidir le turais ilmhódacha, faoi bhráid na Meithle um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 12 Eanáir 2024. Tionóladh réamhscrúdú airteagal ar airteagal ar an togra maidir le forfheidhmiú an 19 Aibreán 2024, faoi Uachtaránacht na Beilge. Pléadh an téacs reachtach ansin idir an 19 Iúil agus an 12 Samhain 2024 faoi Uachtaránacht na hUngáire.
7. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra agus an rún atá ag an gCoimisiún feabhas a chur ar fhorfheidhmiú ceart paisinéirí ar fud móid éagsúla iompair. Bhí sé ar intinn acu freisin an t-ualach a choinneáil íseal i dtaca leis an riarachán breise a bheadh ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe agus ar na hoibreoirí araon, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide.
8. Tarraingíodh anuas freisin an tsaincheist atá fós gan réiteach maidir le togra 2013 ón gCoimisiún le haghaidh leasú ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí², togra a mbeidh díospóireacht bheartais á réachtáil ag an gComhairle ina leith an 5 Nollaig 2024, agus chreid roinnt toscaireachtaí gurbh oiriúnaí leasuithe áirithe a mholtar le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 sa togra maidir le forfheidhmiú a phlé i dtaca le togra 2013.
9. Moladh roinnt athruithe ar an togra ón gCoimisiún, darb aidhm, ar thaobh amháin, na forálacha a shoiléiriú, agus ar an taobh eile, an t-ualach riaracháin a laghdú. D'fhéach an Uachtaránacht freisin le comhleanúnachas a choinneáil idir an togra seo agus an togra maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha.

² Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer. COM/2013/0130 final - 2013/0072 (COD)

10. Is féidir na príomhathruithe ar an togra bunaidh ón gCoimisiún a achoimriú ó thús deireadh mar seo a leanas:
- a) Cuireadh sainmhíniú ar **‘madra cúnaimh aitheanta’** leis na rialacháin eárnála uile chun coincheap na madraí cúnaimh a shoiléiriú, coincheap nár sainmhíníodh go dtí seo i reachtaíocht an Aontais. Ba cheart go méadódh an soiléiriú sin an deimhneacht dhlíthiúil do phaisinéirí, go háirithe dóibh siúd is leochailí, mar shampla daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.
 - b) I gcás **foirm choiteann d’aisíocaíocht agus cúiteamh**, moltar sa chomhréiteach an nós imeachta maidir le hiarrataí a dhéanamh ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh a shoiléiriú agus a shimpliú. Rinneadh an córas teanga maidir le tíolacadh foirmeacha a shimpliú chun, ar thaobh amháin, an t-ualach riaracháin ar na hiompróirí agus ar na hidirghabhálaithe a laghdú, agus ar an taobh eile, an nós imeachta do phaisinéirí a éascú.
 - c) Maidir le **caighdeáin cáilíochta seirbhíse**, ba mhaith le roinnt toscaireachtaí measúnú a dhéanamh ar dtús ar chur chun feidhme na gceanglas atá ann cheana i Rialachán (AE) 2021/782 sula leathnófar iad chuig eárnálacha eile.
 - d) D’aontaigh na toscaireachtaí gur tábhachtach forfheidhmiú éifeachtach ceart paisinéirí san Aontas a áirithiú. Chun ualach riaracháin iomarcach ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a sheachaint, agus chun a neamhspleáchas a chaomhnú, scriosadh na forálacha maidir le **cur chuige rioscabhunaithe i leith faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh** agus maidir le **comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún**.
11. Go sonrach, i gcás cearta aerphaisinéirí, tugadh isteach na hathruithe seo a leanas:
- a) Rinneadh soiléiriú ar **phróiseáil sonraí pearsanta** chun na ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

- b) Soiléiríodh **aisíocaíocht chostas iomlán an ticéid** a cuireadh in áirithe trí idirghabhálaí chun gur fearr a léireofar an cásdlí, go háirithe maidir leis na táillí idirghabhála.
- c) Chun éascú a dhéanamh ar an bhfaireachán a dhéanfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ar oibleagáidí a bheith á gcomhlíonadh ag idirghabhálaithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, beidh sé d'oibleagáid ar **idirghabhálaithe tríú tír** ionadaí dlíthiúil a ainmniú. Áiríodh forálacha comhchosúla roimhe seo sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha³ agus úsáidtear an coincheap freisin i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2019/1020⁴.
- d) Ar deireadh, tugadh isteach dhá choigeartú theicniúla maidir leis an **nós imeachta Coiste**: i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 cuireadh Airteagal nua isteach, toisc nár áiríodh é sa togra bunaidh ón gCoimisiún⁵, agus i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 baineadh an tAirteagal ábhartha ós rud é nach bhforáiltear d'aon ghníomh cur chun feidhme sa Rialachán sin.
12. Ag an gcruinniú deireanach a bhí ag an Meitheal, cuireadh in iúl gur dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an dul chun cinn a rinneadh agus mheas a bhformhór go raibh sé indéanta ullmhú do chur chuige ginearálta i mí na Nollag.
13. Rinneadh tuilleadh leasuithe ar an gcomhréiteach i ndiaidh an chruinnithe sin, agus d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs an 27 Samhain 2024 in oirchill na Comhairle. Ar an iomlán, thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí leis an téacs.

³ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj>).

⁴ Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj>).

⁵ Is sa togra ón gCoimisiún a áirítear an tAirteagal maidir le nós imeachta Coiste dá dtagraítear i bpointe 7 den nóta seo.

IV. CONCLÚID

14. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an téacs comhréitigh atá i gceangal leis an nóta seo, ag an gcrúinniú a bheidh aici an 5 Nollaig 2024.
-

2023/0437 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁶

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

⁶ IO C, C/2024/3382, 31.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3382/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart roinnt leasuithe a dhéanamh ar Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004⁷, (CE) Uimh. 1107/2006⁸, (AE) Uimh. 1177/2010⁹, (AE) Uimh. 181/2011¹⁰ agus (AE) 2021/782¹¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun a áirithiú go gcosnófar cearta paisinéirí go héifeachtach san Aontas nuair atáthar ag taisteal trí aeriompar, iompar ar iarnród, muiriompar agus iompar uiscebhealaí intíre agus iompar de bhus agus iompar de chóiste agus glacadh Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á chur san áireamh¹²⁺.
- (2) Le cearta paisinéirí éifeachtacha ba cheart go spreagfaí méadú ar thaisteal tríd an iompar poiblí, ar cuspóir é sin a leagtar síos leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – Iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don am atá le teacht, a glacadh le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020.

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás go ndiúltaítear bordáil dóibh agus go gcealaítear nó go gcuirtear moill fhada ar eitiltí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, IO L 46, 17.2.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/261/oj>.

⁸ Rialachán (CE) 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer, IO L 204, 26.7.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1107/oj>.

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1177/oj>).

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, IO L 55, 28.1.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/181/oj>).

¹¹ Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 172, 17.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/782/oj>).

¹² Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach (IO L, ..., ELI: ...).

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir an Rialacháin atá in 2023/0436 (COD) agus cuir isteach an uimhir, an dáta agus an tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

- (3) As eascairt as na meastóireachtaí cuimsitheacha a rinne an Coimisiún ar Rialacháin (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010 agus (AE) Uimh. 181/2011 idir 2019 agus 2020, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndéantar dochar d'éifeachtacht reachtaíocht an Aontais ó thaobh cearta paisinéirí de mar gheall ar easpa feasachta a bheith ag paisinéirí ar a gcearta agus ar na forálacha atá ann maidir lena bhfeidhmiú. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid sna meastóireachtaí sin freisin nach mbaineann paisinéirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, tairbhe iomlán as a gcearta toisc iad a bheith á gcur i bhfeidhm go heasnamhach ag iompróirí, ag comhlachtaí bainistithe aerfoirt, ag bainisteoirí stáisiúin, ag oibreoirí críochfoirt calafoirt, ag comhlachtaí bainistithe críochfort bus agus ag idirghabhálaithe, ar thaobh amháin, agus toisc iad a bheith á bhforfheidhmiú go heasnamhach ag na húdaráis forfheidhmithe náisiúnta, ar an taobh eile.
- (4) Tá gá le simpliú, comhsheasmhacht agus comhchuibhiú ar rialacha Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, agus (AE) Uimh. 181/2011, go háirithe a mhéid a bhaineann le rialacha lena ndéileáiltear leis an bhfaisnéis le haghaidh paisinéirí maidir lena gcearta roimh an turas agus lena linn, forfheidhmiú ceart paisinéirí agus láimhseáil gearán ó phaisinéirí. Na rialacha atá ann cheana sna Rialacháin sin, ba cheart iad a leasú chun bheith ina gcomhlánú, i réimsí an aeriompair, an iompair de bhus agus de chóiste agus an iompair de mhuir agus d'uiscebhealaí intíre, ar rialacha Rialachán (AE) 2021/782 lena gcumhdaítear san earnáil iarnróid an nós imeachta maidir le haisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh, an oibleagáid atá ar iompróirí faisnéis a roinnt le comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, agus an oibleagáid atá ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe paisinéirí a chur ar an eolas faoi réiteach malartach díospóidí.

- (5) Faoi láthair, a mhéid a bhaineann le haerthiceid a chuirtear in áirithe trí idirghabhálaí, tá an próiseas aisíocaíochta doiléir agus ba cheart é a shoiléiriú dá bhrí sin. Tá na hidirghabhálaithe páirteach sa phróiseas aisíocaíochta ar dhá bhealach: tharchuir siad sonraí íocaíochta (cárta creidmheasa) an phaisinéara go díreach chuig an iompróir (idirghabhálaí ‘faoi bhealach’), agus aisiompaíonn an t-aeriompróir an sreabhadh íocaíochta bunaidh ionas go dtagann an aisíocaíocht isteach go díreach i gcuntas an phaisinéara. Nó d’íoc an t-idirghabhálaí an t-aeriompróir óna chuntas féin (an t-idirghabhálaí ‘Ceannaí Taifid’), agus nuair a aisiompaíonn an t-aeriompróir an sreabhadh íocaíochta, tagann an aisíocaíocht isteach i gcuntas an idirghabhálaí. Aistríonn an t-idirghabhálaí an aisíocaíocht deiridh ansin chuig an bpaisinéir. Is minic nach mbíonn paisinéirí feasach ar an bpróiseas aisíocaíochta a roghnaíonn an t-idirghabhálaí. Ba cheart don idirghabhálaí an paisinéir a chur ar an eolas faoin bpróiseas aisíocaíochta tráth na háirithe. Chuige sin, ba cheart don aeriompróir a shonrú go poiblí cé acu a théann nó nach dtéann sé i gcomhar le hidirghabhálaithe chun aisíocaíochtaí a phróiseáil, agus má théann cé na hidirghabhálaithe lena ndéanann sé amhlaidh; ba cheart a mheas go gcomhlíontar an oibleagáid sin freisin le liosta diúltach idirghabhálaithe a gcinneann an t-aeriompróir gan comhoibriú leo.
- (6) Cleachtas aerthionscail forleathan is ea próiseáil na haisíocaíochta tríd an idirghabhálaí a rinne an íocaíocht leis an aeriompróir óna chuntas féin (an t-idirghabhálaí ‘Ceannaí Taifid’). Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht sin a sholáthar don aeriompróir.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), de Rialachán 261/2004, i gcás ina bhfuil ceart ag an bpaisinéir aisíocaíocht a fháil, déanfar an aisíocaíocht sin laistigh de 7 lá. Má phróiseálann an t-aeriompróir aisíocaíochtaí tríd an idirghabhálaí ‘Ceannaí Taifid’, ba cheart síneadh 14 lá ar a mhéad a chur le sprioc-am na híocaíochta leis an bpaisinéir chun an dá chéim a chur san áireamh sa phróiseas aisíocaíochta, agus iallach a bheith ar an aeriompróir an t-idirghabhálaí a aisíoc, agus ba cheart go n-aisíocfaí an paisinéir leis sin. Mura n-aisíocfar an paisinéir ar a dhéanaí laistigh de 14 lá, ba cheart don phaisinéir, áfach, a bheith i dteideal an aisíocaíochta a fháil go díreach ón aeriompróir oibriúcháin.

- (8) Dá gcuirfí Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 i bhfeidhm maidir le ticéid a chur in áirithe trí idirghabhálaithe, bheadh próiseáil sonraí pearsanta i gceist, lena n-áirítear sonraí teagmhála na bpaisinéirí, go háirithe chun faisnéis a sholáthar do na paisinéirí, chun aghaidh a thabhairt ar iarrataí ar sholáthar cúraim, ar aisíocaíocht, ar athródú agus ar chúiteamh agus chun gearáin ó phaisinéirí a láimhseáil. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta de bhun an Rialacháin sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, chun na gcríoch agus an fheidhm a leagtar amach sa Rialachán sin. Ba cheart cead a bheith ag aeriompróirí agus ag idirghabhálaithe sonraí teagmhála paisinéirí arna mbailiú chun a n-oibleagáid maidir le faisnéis taistil paisinéirí a chomhlíonadh a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná 72 uair an chloig tar éis thabhairt i gcrích an chonartha iompair. I gcás cur isteach ar thuras nó cealú turais, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hiarrataí ar aisíocaíocht nó ar chúiteamh agus gearáin ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tréimhse choinneála níos faide chun ligean d'aeriompróirí agus d'idirghabhálaithe a n-oibleagáidí faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a chomhlíonadh maidir le soláthar cúraim, aisíocaíocht, athródú agus cúiteamh, chomh maith le láimhseáil gearán. Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta paisinéirí, lena n-áirítear na sonraí sin a bheith á gcoinneáil ag aeriompróirí agus ag idirghabhálaithe chun críoch eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta ar dtús faoin Rialachán sin, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/679.

¹³ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

Féadfaidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe sonraí pearsanta na bpaisinéirí a úsáid nó na sonraí sin a choinneáil ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse choinneála dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus chun críocha eile den sórt sin i gcás ina mbeidh an phróiseáil sin bunaithe ar dhlí Ballstáit eile nó ar dhlí an Aontais, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Féadfar a áireamh ar na críocha sin próiseáil chun críche réitigh díospóide, lena n-áirítear imeachtaí breithiúnacha, a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin sin. Thairis sin, tá Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 gan dochar do phróiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit ar beart riachtanach comhréireach é i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a choimirciú. Go háirithe, tá sé gan dochar do phróiseáil sonraí pearsanta de bhun Threoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴, Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, nó de bhun an dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/679 nó de bhun dhlí an Aontais is infheidhme maidir le sábháilteacht agus slándáil eitlíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil na hoibleagáidí chun faisnéis a sholáthar do phaisinéirí maidir lena gcearta gan dochar d'oibleagáid an rialaitheora faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí de bhun Airteagail 12, 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679.

(9) [...]

-
- ¹⁴ Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj>).
- ¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le bunú liosta Comhphobail d'aeriompróirí faoi réir cosc oibriúcháin laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas maidir le haitheantas an aeriompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (IO L 344, 27.12.2004, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2111/oj>).

- (10) [...]
- (11) Faisnéis a sholáthraítear do phaisinéirí maidir lena gcearta roimh a dturais agus lena linn, ba cheart feasacht fheabhsaithe teacht as sin. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith beacht agus ba cheart í a chur ar fáil go héasca, go feiceálach agus go díreach. Ba cheart í a sholáthar ar bhealach soiléir agus cuimsitheach, agus trí mheán leictreonach a mhéid is féidir.
- (12) Ba cheart do chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta dul i gcomhar le chéile chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe ar na Rialacháin lena mbaineann a áirithiú. Le sreabhadh tráthrialta faisnéise ó iompróirí, bainisteoirí críochfoirt agus idirghabhálaithe chuig comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta maidir leis na gnéithe uile a bhaineann le cur i bhfeidhm na Rialachán lena mbaineann, ba cheart a chur ar a gcumas do chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta a ról faireacháin a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Tá soláthar doiciméad agus faisnéise ag oibreoirí do na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin gan dochar don cheart bheith i do thost agus féin-ionchoiriú a sheachaint, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart do na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin, de réir mar is iomchuí, iarracht a dhéanamh gan iarraidh ar oibreoirí na doiciméid agus an fhaisnéis chéanna a sholáthar roinnt uaireanta.
- (13) [...]
- (14) [...]
- (15) Ba cheart nósanna imeachta aisíocaíochta agus cúitimh a bheith neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart é a bheith éasca teacht orthu. Chun é a éascú do phaisinéirí aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh i gcomhréir leis na Rialacháin lena mbaineann, ba cheart foirmeacha atá bailí ar fud an Aontais a bhunú le haghaidh na n-iarrataí sin. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag paisinéirí a n-iarrataí a chur isteach trí fhoirm den sórt sin a úsáid. Cé gur éirigh sé ina chleachtas forleathan iarrataí ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh a chur isteach trí mhodhanna leictreonacha, ba cheart deiseanna leordhóthanacha a bheith ag paisinéirí iarrataí a chur isteach trí mhodhanna eile agus a láimhseáil éifeachtúil ar a chuid cúrsaí trí bhealaí eile seachas an bealach leictreonach a iarraidh, mar shampla ar an teileafón nó tríd an bpost.

- (16) Paisinéirí a lorgaíonn sásamh aonair ba cheart iad a chur ar an eolas maidir leis na féidearthachtaí chun gearán a dhéanamh le comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí maidir le sáruithe líomhnaithe ar na Rialacháin lena mbaineann. Is iad na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta is fearr chun é sin a dhéanamh.
- (17) In imthosca áirithe, ceanglaítear go mbeidh duine eile in éineacht le daoine faoi mhíchumas agus le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ar duine é a bheidh in ann an cúnamh a sholáthar a cheanglaítear leis na ceanglais sábháilteachta is infheidhme arna mbunú leis an dlí idirnáisiúnta, le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta nó leis na húdaráis inniúla. Cé go mbeadh sé deacair, mar gheall ar shaintréithe sonracha an aeriompair, go háirithe cur i bhfeidhm muirear agus cánacha aerfoirt, é a ailíniú go hiomlán leis na cearta atá ann cheana i modhanna iompair d'iarnród, de bhus agus de chóiste agus d'uisce nuair a thaistealaíonn an duine tionlacain saor in aisce, i gcás ina bhforchuireann aeriompróir an ceanglas, ba cheart costas taistil an duine tionlacain sin a choimeád chomh híseal agus is féidir agus é ag taisteal d'aer. Má éilíonn aeriompróir, a ghníomhaire nó tionscnóir turas go dtionlacfaí duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, ba cheart don aeriompróir táille eitilte an duine tionlacain ar a laghad a chumhdach. Ba cheart an deis a bheith ag an aeriompróir a iarraidh ar an duine tionlacain muirir aerfoirt agus muirir éigeantacha eile a chumhdach, ar muirir iad a bhaineann go díreach le taisteal an duine sin agus nach dtoibhíonn an t-aeriompróir. Ina theannta sin, má dhéantar faisnéis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i bhformáidí inrochtana, ba cheart í a sholáthar i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme lena n-áirítear na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶.

¹⁶ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj>).

- (18) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, is é sin cearta aerphaisinéirí, paisinéirí iarnróid, bus agus cóiste agus uisce-iompair a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus, de bharr an ghá atá leis go mbeidh na rialacha céanna ann laistigh den mhargadh aonair, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (19) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na foirmeacha coiteanna a ghlacadh le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh.
- (20) Leis an Rialachán seo urramaítear cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 21, 26, 38 agus 47 a bhaineann, faoi seach, le toirmeasc ar idirdhealú de chineál ar bith, lánpháirtíocht daoine faoi mhíchumas, ardleibhéal cosanta don tomhaltóir a áirithiú, agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil.

¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

- (21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ agus thug sé tuairim uaidh an 24 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁸ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1245/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

Airteagal 1
Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach na sainmhínithe seo a leanas:

- ‘(ca) ciallaíonn ‘comhlacht bainistithe aerfoirt’ comhlacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (f), de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006;
- (fa) ciallaíonn ‘costas iomlán an ticéid’ an praghas deiridh a bheidh le híoc ag deireadh an phróisis áirithinte lena n-áirítear an táille aeir agus na cánacha, na muirir, na formhuirir agus na táillí uile is infheidhme a íocfar as gach seirbhís roghnach agus neamhroghnach a bheidh ar áireamh sa ticéad, cé is moite de tháillí idirghabhála, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh na breiseanna agus na táillí sin in éineacht leis na táillí don tseirbhís iompair nó ar leithligh ag céim déanaí;
- (fb) ciallaíonn ‘táille idirghabhála’ aon difríocht idir an méid a d’íoc an paisinéir agus an méid a fuair an t-aeriompróir as an tseirbhís chéanna, agus a bhailíonn an t-idirghabhálaí;
- (z) ciallaíonn ‘idirghabhálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas iompróir, atá ag gníomhú, chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó nó lena ghairm, thar ceann iompróra nó paisinéara chun conradh iompair a thabhairt i gcrích;
- (za) ciallaíonn ‘madra cúnaimh aitheanta’ madra atá oilte go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinneadh daoine faoi mhíchumas a mhéadú, ar madra é a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do na rialacha sin.’

- (2) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8a

Aisíocaíocht i gcás inar cuireadh an ticéad in áirithe trí idirghabhálaí

1. I gcás inar chuir an paisinéir ticéad trí idirghabhálaí in áirithe, féadfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an aisíocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 8(1) pointe (a) a dhéanamh tríd an idirghabhálaí sin. Sa chás sin, aisíocfaidh an t-idirghabhálaí an paisinéir i gcomhréir le mír 3 agus mír 5 den Airteagal seo.

Luafaidh na haeriompróirí go poiblí, ar bhealach atá soiléir, cuimsitheach agus inrochtana go héasca, cé acu a chomhaontaíonn nó nach gcomhaontaíonn siad le haisíocaíochtaí a phróiseáil trí idirghabhálaithe, agus cé na hidirghabhálaithe lena nglacann siad leis déanamh amhlaidh.

I gcás nach bhfuil baint ag an idirghabhálaí leis an bpróiseas aisíocaíochta, beidh feidhm ag Airteagal 8(1), pointe (a), maidir leis an aisíocaíocht.

2. Cuirfidh an t-idirghabhálaí an paisinéir ar an eolas maidir leis an bpróiseas aisíocaíochta dá ndéantar foráil san Airteagal seo ar bhealach atá soiléir, cuimsitheach agus inrochtana go héasca tráth na háirithinte agus ar dheimhniú na háirithinte.
3. Beidh aisíocaíocht tríd an idirghabhálaí saor in aisce le haghaidh paisinéirí. Ní laghdófar an aisíocaíocht le costais idirbheart airgeadais atá nasctha leis an aisíocaíocht mar shampla táillí, costais teileafóin nó stampaí.
4. [...]
5. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas i gcás aisíocaíochta trí idirghabhálaithe a d’íoc an t-aeriompróir le haghaidh ticéad óna gcuntais féin:
 - (a) déanfaidh an t-aeriompróir an méid a fuair sé ón idirghabhálaí i leith an ticéid a aisíoc leis an idirghabhálaí laistigh de 7 lá ón dáta ar cuireadh an t-aeriompróir ar an eolas faoi rogha an phaisinéara maidir le haisíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), an chéad fhleasc.

Déanfaidh an t-idirghabhálaí costas iomlán an ticéid agus na táillí idirghabhála is inaisíochta i gcomhréir le hAirteagal 14(5) a aisíoc leis an bpaisinéir, tríd an modh íocaíochta bunaidh, a d'úsáid an paisinéir, nó a úsáideadh thar a cheann, tráth a cuireadh an tseirbhís iompair in áirithe, laistigh de 7 lá eile ar a dhéanaí, agus cuirfidh sé an paisinéir agus an t-aeriompróir ar an eolas faoi sin. Mura bhfuil an modh íocaíochta sin ar fáil a thuilleadh, rachaidh an t-idirghabhálaí i dteagmháil leis an bpaisinéir chun na sonraí íocaíochta a fháil.

- (b) mura bhfaigheann an paisinéir an aisíocaíocht laistigh de 14 lá ón dáta a roghnaítear aisíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), an chéad fhleasc, déanfaidh an t-aeriompróir teagmháil leis an bpaisinéir ar a dhéanaí an lá tar éis dhul in éag na tréimhse 14 lá chun na sonraí íocaíochta a fháil le haghaidh na haisíocaíochta. Ar na sonraí íocaíochta sin a fháil, déanfaidh an t-aeriompróir costas iomlán an ticéid agus na táillí idirghabhála is inaisíochta i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 14 a aisíoc leis an bpaisinéir, ach amháin más rud é gur gearradh na táillí sin i ngan fhios don aeriompróir. Aisíocfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an paisinéir laistigh de 14 lá agus cuirfidh sé an paisinéir agus an t-idirghabhálaí ar an eolas maidir leis sin.

6. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le ticéid a chuirtear in áirithe mar chuid de phacáiste de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socrúithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj>).’;

(2a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11, mír 1:

- ‘1. Tabharfaidh aeriompróirí oibríochta tosaíocht iompair do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus d’aon duine nó d’aon mhadra cúnaimh aitheanta atá á dtionlacan, agus do mhionaoisigh neamhthionlactha.’

(2b) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

- (a) cuirfear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Airteagal 14

Oibleagáidí maidir le paisinéirí a chur ar an eolas’

- (b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

- ‘4. Déanfar an fhaisnéis le haghaidh paisinéirí, agus an comhfhreagras leo, faoin Rialachán seo a sholáthar trí mheán leictreonach, i gcás inar féidir go teicniúil. I gcás ina soláthraítear faisnéis ar an modh sin, áiritheoidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe gur féidir aon chomhfhreagras i scríbhinn, lena n-áirítear dáta agus am an chomhfhreagrais sin, a choimeád lena cheadú ina dhiaidh sin. Is ar aeriompróirí agus ar idirghabhálaithe a bheidh an dualgas cruthúnais cibé ar chuir siad an fhaisnéis is gá ar fáil do phaisinéirí agus cathain a chuir siad an fhaisnéis sin ar fáil. Le gach modh cumarsáide cuirfear é ar a chumas d’aeriompróirí agus d’idirghabhálaithe teagmháil a dhéanamh leo go tapa agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.
5. Agus ticéid á dtairiscint acu, cuirfidh idirghabhálaithe paisinéirí ar an eolas faoi na táillí idirghabhála a cuireadh i bhfeidhm agus faoi mhéid na dtáillí sin a fhéadfar a aisíoc faoi Airteagail 8 agus 8a.

6. Níl feidhm ag míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo maidir le ticéid a chuirtear in áirithe mar chuid de phacáiste de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302.’;

(3) cuirtear an tAirteagal 14a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 14a

Faisnéis arna haistriú ag an idirghabhálaí

1. [...]
2. I gcás nach bhfaigheann an paisinéir ticéad go díreach ó aeriompróir, ach trí idirghabhálaí, soláthróidh an t-idirghabhálaí sin sonraí teagmhála an phaisinéara agus sonraí na háirithinte don aeriompróir. Ní fhéadfaidh an t-aeriompróir na sonraí teagmhála sin a úsáid ach a mhéid is gá chun a chuid oibleagáidí maidir le faisnéis, soláthar cúraim, aisíocaíocht, athróid agus cúiteamh a chomhlíonadh, agus a mhéid is gá chun gearáin a láimhseáil.
3. Chun críocha a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le ceart an phaisinéara chun faisnéise, féadfaidh an t-aeriompróir agus an t-idirghabhálaí na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná 72 uair an chloig tar éis thabhairt i gcrích an chonartha iompair.

Chun críocha a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le soláthair cúraim, athróid, aisíocaíocht, cúiteamh agus láimhseáil gearán, féadfaidh an t-aeriompróir agus an t-idirghabhálaí sonraí pearsanta na bpaisinéirí a choinneáil ar feadh níos mó ná 72 uair an chloig tar éis an conradh iompair a thabhairt i gcrích a mhéid is fíorghá chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh laistigh de na nósanna imeachta a leagtar síos i ndlí na mBallstát nó dlí an Aontais faoi seach.
4. I gcás ina bhfaigheann idirghabhálaí ticéad thar ceann paisinéara, cuirfidh an t-idirghabhálaí an t-aeriompróir ar an eolas tráth na háirithinte go bhfuil an ticéad curtha in áirithe aige mar idirghabhálaí. Soláthróidh sé a shonraí teagmhála poist agus leictreonacha féin don aeriompróir.

5. [...]

6. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le ticéid a chuirtear in áirithe mar chuid de phacáiste de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302.’;

(4) [...]

(5) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

‘Airteagal 16aa

Iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh a chur isteach

0. Cuirfidh na haeriompróirí agus na hidirghabhálaithe paisinéirí ar an eolas go soiléir faoin bpróiseas chun aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh faoi Airteagal 7 agus Airteagail 8, 8a, 9 agus 10, faoi seach, den Rialachán seo.

0a. Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarrataí ar chúiteamh nó aisíocaíocht a chur isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1, as an bhfoirm a chuireann an t-aeriompróir ar fáil i gcomhréir le mír 3 nó trí mhodhanna eile. Ní dhiúltóidh na haeriompróirí agus na hidirghabhálaithe iarraidh ar an bhforas nár bhain an paisinéir úsáid as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 ná as an bhfoirm a chuir an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí ar fáil i gcomhréir le mír 3, ná gur sheol sé an fhoirm ar bhealach eile seachas trí mheán leictreonach dá dtagraítear i mír 3.

Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarraidh a chur isteach i dteanga na háirithinte ar a laghad.

Mura bhfuil iarraidh beacht go leor, iarrfaidh an t-aeriompróir nó an t-idirghabhálaí ar an bpaisinéir an iarraidh a shoiléiriú agus a chomhlánú.

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear foirm choiteann le haghaidh iarrataí ar chúiteamh agus aisíocaíocht faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8, 8a, 9 agus 10, faoi seach. Bunófar an fhoirm choiteann sin i bhformáid atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 16bd(2). Cuirfidh an Coimisiún an fhoirm choiteann ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais nó ar a shuíomh gréasáin.
2. [...]
3. Déanfaidh na haeriompróirí agus na hidirghabhálaithe, i gcás inar féidir agus gan moill mhíchuí, foirm le haghaidh iarrataí ar chúiteamh agus aisíocaíocht a chur ar bun agus a tharchur chuig paisinéirí faoi Airteagal 7 agus Airteagail 8, 8a, 9 agus 10, faoi seach, nó nasc a sholáthar lena dtabharfar rochtain dhíreach ar an bhfoirm sin nó ar an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Soláthróidh na haeriompróirí mionsonraí ar a suíomh gréasáin, ar nós seoladh ríomhphoist, a bhféadfadh iarrataí ar chúiteamh nó aisíocaíocht a sheoladh chuige trí mheán leictreonach. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin i gcás inarb ann do mheáin leictreonacha cumarsáide eile lena bhféidir le paisinéirí cúiteamh nó aisíocaíocht a iarraidh, mar shampla an fhoirm dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin nó ar fheidhmchláir mhóibíleacha, ar choinníoll go dtairgtear leis na modhanna sin, i bhformáid inrochtana, an rogha agus an fhaisnéis a leagtar amach san fhoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 agus go bhfuil siad ar fáil i dteanga na háirithinte ar a laghad.

4. [...]

Ionadaithe dlí idirghabhálaithe tríú tíortha

1. Ainmneoidh na hidirghabhálacha nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas, i scríbhinn, duine dlítheanach nó duine nádúrtha chun gníomhú ina n-ionadaí dlí i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí a sheirbhísí. I gcás na n-idirghabhálaithe a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, féadfaidh an t-ionadaí dlí arna ainmniú de bhun an Rialacháin sin gníomhú freisin mar ionadaí dlí de bhun an Rialacháin seo.
2. Tabharfaidh na hidirghabhálaithe sin sainordú dá n-ionadaithe dlí ionas go rachaidh na comhlachtaí arna n-ainmniú faoi Airteagal 16(1) i dteagmháil leo, de bhreis ar na hidirghabhálaithe sin nó ina n-ionad, maidir le gach saincheist is gá chun cinntí arna n-eisiúint i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Tabharfaidh na hidirghabhálaithe na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní leordhóthanacha dá n-ionadaí dlí chun a ráthú go mbeidh comhar éifeachtúil tráthúil acu leis na comhlachtaí sin, agus chun na cinntí sin a chomhlíonadh.
3. Beifear in ann an t-ionadaí dlí ainmnithe a chur faoi dhliteanas mar gheall nár comhlíonadh na hoibleagáidí faoin Rialachán seo, gan dochar don dliteanas ná do chaingne dlí a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an idirghabhálaí.
4. Cuirfidh na hidirghabhálaithe ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a n-ionadaí dlí in iúl do na comhlachtaí arna n-ainmniú faoi Airteagal 16(1) sa Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlí sin nó ina bhfuil sé bunaithe. Áiritheoidh na hidirghabhálaithe go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, go mbeidh rochtain éasca uirthi, go mbeidh sí cruinn agus go gcoinneofar cothrom le dáta í.
5. Ní hionann ionadaí dlí a ainmniú laistigh den Aontas de bhun mhír 1 agus bunaíocht san Aontas.

(6) [...]

Airteagal 16bb

Comhroinnt faisnéise le comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

Féadfaidh na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta a iarraidh ar na haeriompróirí, na hidirghabhálaithe agus na comhlachtaí bainistithe aerfoirt doiciméid agus faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun a bhfeidhm a chomhlíonadh. Soláthrófar na doiciméid agus an fhaisnéis sin laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, mura sonraítear a mhalairt.

Airteagal 25c

Faisnéis maidir le réiteach malartach díospóidí arna dhéanamh ag comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

I gcás inar gá, an comhlacht forfheidhmithe náisiúnta a ndéanann an paisinéir gearán chuige i gcomhréir le hAirteagal 16(2), nó aon chomhlacht eile arna ainmniú ag Ballstát chun na críche sin de bhun na forála sin, cuirfidh sé an gearánach ar an eolas maidir lena cheart chun dul i dteagmháil le comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí chun sásamh aonair a lorg.

Féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh tríd an bpaisinéir a tharchur chuig an uirlis idirghníomhach [liosta na n-eintiteas um réiteach malartach díospóidí (RMD) ar tugadh fógra ina leith] a choinníonn an Coimisiún ar bun de bhun Airteagal [20] de Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, nó, i gcás inarb iomchuí, chuig na pointí teagmhála RMD ainmnithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith faoi Airteagal [24] den Treoir sin.

Airteagal 16bd

An nós imeachta coiste

1. Beidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal [26(1) de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha] de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

-
- * Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj>).
- ** Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj>).
- *** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).’;

Airteagal 2
Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 mar a leanas:

(0) in Airteagal 2, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach:

‘(m) ciallaíonn ‘madra cúnaimh aitheanta’ madra atá oilte go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinneadh daoine faoi mhíchumas a mhéadú, ar madra é a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do na rialacha sin.’

(1) in Airteagal 4(2), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

‘Beidh an duine tionlacain sin díolmhaithe ón táille aeir a íoc agus, i gcás inarb indéanta, beidh sé ina shuí saor in aisce taobh leis an duine faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe. Cuirfidh an t-aeriompróir an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ar an eolas go soiléir faoi na costais atá fágtha agus faoin méid atá le híoc ag an duine tionlacain.

Ceadóidh an t-aeriompróir, a ghníomhairí nó an tionscnóir turas don duine faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ainm an duine tionlacain is gá a mhodhnú gan aon mhuirear agus suas le 48 n-uair an chloig roimh an am imeachta sceidealaithe.’;

(2) [...]

(3) cuirtear na hAirteagail 14b go 14c seo a leanas isteach:

Airteagal 16b

Comhroinnt faisnéise le comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

Féadfaidh na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta a iarraidh ar na haeriompróirí agus ar na comhlachtaí bainistithe aerfoirt doiciméid agus faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun a bhfeidhm a chomhlíonadh. Soláthrófar na doiciméid agus an fhaisnéis sin laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, mura sonraítear a mhalairt.

Faisnéis maidir le réiteach malartach díospóidí arna dhéanamh ag comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

I gcás inar gá, déanfaidh an comhlacht forfheidhmithe náisiúnta a gcuireann an paisinéir gearán faoin bhráid i gcomhréir le hAirteagal 15(2), nó aon chomhlacht eile arna ainmniú ag Ballstát chun na críche sin de bhun na forála sin, an gearánach a chur ar an eolas maidir lena cheart chun dul i dteagmháil le comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí chun sásamh aonair a lorg.

Féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh tríd an bpaisinéir a tharchur chuig an uirlis idirghníomhach [liosta na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith] a choinníonn an Coimisiún ar bun de bhun Airteagal [20] de Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó, i gcás inarb iomchuí, chuig na pointí teagmhála RMD ainmnithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith faoi Airteagal [24] den Treoir sin.

* Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj>);

Airteagal 3
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 mar a leanas:

(0) In Airteagal 3, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach:

‘(v) ciallaíonn ‘madra cúnaimh aitheanta’ madra atá oilte go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinneadh daoine faoi mhíchumas a mhéadú, ar madra é a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do na rialacha sin.’

(1) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina gcealaítear imeacht seirbhíse paisinéara nó cúrsála, nó i gcás ina gcuirtear moill air sin, déanfaidh an t-iompróir, nó, i gcás inarb iomchuí, an t-oibreoir calafoirt na paisinéirí a bheidh ag imeacht ó chríochfoirt chalafoirt nó, más féidir, na paisinéirí a bheidh ag imeacht ó chalafoirt a chur ar an eolas maidir leis an staid agus lena gcearta paisinéirí faoin Rialachán seo a luaithes is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis thráth sceidealaithe an imeachta, agus cuirfidh sé iad ar an eolas freisin maidir leis an am imeachta measta agus leis an am teachta measta a luaithes a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. An fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhíreanna 1 agus 2 soláthrófar í trí mheán leictreonach do na paisinéirí uile, laistigh den teorainn ama a shonraítear i mír 1, má chomhaontaigh an paisinéirí leis sin agus má sholáthair sé na sonraí teagmhála is gá don iompróir nó, i gcás inarb iomchuí, don oibreoir críochfoirt, agus an ticéad á cheannach.’;

- (2) cuirtear an tAirteagal 19a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 19a

Iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh a chur isteach

0. Cuirfidh iompróirí paisinéirí ar an eolas go soiléir faoin bpróiseas chun aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh faoi Airteagal 18 agus faoi Airteagal 19 den Rialachán seo faoi seach.
- 0a. Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarrataí ar chúiteamh agus aisíocaíocht a chur isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1, as an bhfoirm a chuir an t-iompróir ar fáil i gcomhréir le mír 3 nó trí mhodhanna eile. Ní dhiúltóidh iompróirí d’iarraidh ar an bhforas nár bhain an paisinéir úsáid as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 ná as an bhfoirm a chuir an t-iompróir ar fáil i gcomhréir le mír 3, ná gur sheol sé an fhoirm trí mhodhanna eile seachas na modhanna leictreonacha dá dtagraítear i mír 3.

Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarraidh a chur isteach i dteanga na háirithinte ar a laghad.

Mura bhfuil iarraidh beacht go leor, iarrfaidh na hiompróirí ar an bpaisinéir an iarraidh a shoiléiriú agus a chomhlánú.

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear foirm choiteann le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh faoi Airteagal 18 agus Airteagal 19, faoi seach. Bunófar an fhoirm choiteann sin i bhformáid atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28a(2) den Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhoirm choiteann ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais nó ar a shuíomh gréasáin.
2. [...]

3. Déanfaidh iompróirí, i gcás inar féidir agus gan moill mhíchuí, foirm le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh a bhunú agus a tharchur chuig paisinéirí faoi Airteagal 18 agus Airteagal 19 faoi seach, nó nasc a sholáthar lena dtabharfar rochtain dhíreach ar an bhfoirm sin nó ar an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1.

Soláthróidh iompróirí mionsonraí ar a suíomh gréasáin ar nós seoladh ríomhphoist, a bhféadfadh iarrataí ar chúiteamh agus aisíocaíocht a sheoladh chuige trí mhodhanna leictreonacha. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin i gcás inarb ann do mhodhanna leictreonacha cumarsáide eile lena bhféidir le paisinéirí aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh, mar shampla an fhoirm dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin nó ar fheidhmchláir mhóibíleacha, ar choinníoll go dtairgtear leis na modhanna sin, i bhformáid inrochtana, an rogha agus an fhaisnéis a leagtar amach san fhoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 agus go bhfuil siad ar fáil i dteanga na háirithinte ar a laghad.

4 [...]

(3) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Le linn ticéid a dhíol le haghaidh seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, iompróirí, díoltóirí ticéad, gníomhairí taistil agus oibreoirí críochfoirt, áiritheoidh siad, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, go soláthrófar faisnéis iomchuí agus chuimsitheach do phaisinéirí maidir lena gcearta faoin Rialachán seo. Iompróirí, oibreoirí críochfoirt agus, i gcás inarb infheidhme, údaráis chalafoirt, áiritheoidh siad freisin, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, go mbeidh faisnéis maidir le ceartha paisinéirí faoin Rialachán seo ar fáil go poiblí ar bord long, i gcalafoirt, más féidir, agus i gcríochfoirt chalafoirt. Déanfar an fhaisnéis a sholáthar, a mhéid is féidir, i bhformáid inrochtana agus sna teangacha céanna leis na teangacha ina gcuirtear faisnéis ar fáil de ghnáth do na paisinéirí go léir. Nuair a sholáthraítear an fhaisnéis sin, tabharfar aird ar leith ar na riachtanais atá ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Iompróirí, oibreoirí críochfoirt agus, i gcás inarb infheidhme, údaráis chalafoirt, déanfaidh siad paisinéirí ar bord long, i gcalafoirt, más féidir, agus i gcríochfoirt chalafoirt, a chur ar an eolas ar bhealach iomchuí maidir lena sonraí teagmhála agus sonraí teagmhála an chomhlachta forfheidhmithe arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann de bhun Airteagal 25(1).’;

(4) cuirtear an tAirteagal 23a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 23a

Modhanna cumarsáide le paisinéirí

An fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 16, 22 agus 23 soláthrófar í ar an bhformáid is iomchuí, i gcás inar féidir go teicniúil trí modhanna leictreonacha.

I gcás ina soláthraítear faisnéis trí mhodh leictreonach cumarsáide, áiríteoidh iompróirí, oibreoirí críochfoirt, údaráis chalafoirt, gníomhairí taistil agus díoltóirí ticéad gur féidir aon chomhfhreagras i scríbhinn a choimeád, lena n-áirítear dáta agus am an chomhfhreagrais sin, le haghaidh tuilleadh tagartha. Is ar iompróirí, oibreoirí críochfoirt, údaráis chalafoirt, gníomhairí taistil agus díoltóirí ticéad a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis na ceisteanna i dtaobh an ndearna siad an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do phaisinéirí agus cathain a rinne siad amhlaidh. Le gach modh cumarsáide cuirfear é ar a chumas don phaisinéir teagmháil a dhéanamh leo go tapa agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil.’;

(5) [...]

- (6) cuirtear na hAirteagail 25b agus 25c seo a leanas isteach:

Airteagal 25b

Comhroinnt faisnéise le comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

Féadfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a iarraidh ar iompróirí, oibreoirí críochfoirt agus údarais chalafoirt, nuair is infheidhme, doiciméid agus faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun a bhfeidhm a chomhlíonadh. Soláthrófar na doiciméid agus an fhaisnéis sin laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, mura sonraítear a mhalairt.

Airteagal 25c

Faisnéis maidir le réiteach malartach díospóidí arna dhéanamh ag comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

I gcás inar gá, an comhlacht forfheidhmithe náisiúnta a ndéanann an paisinéir gearán chuige i gcomhréir le hAirteagal 25(3), nó aon chomhlacht eile arna ainmniú ag Ballstát chun na críche sin de bhun na forála sin, cuirfidh sé an gearánach ar an eolas maidir lena cheart chun dul i dteagmháil le comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí chun sásamh aonair a lorg.

Féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh tríd an bpaisinéir a tharchur chuig an uirlis idirghníomhach [liosta na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith] a choinníonn an Coimisiún ar bun de bhun Airteagal [20] de Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó, i gcás inarb iomchuí, chuig na pointí teagmhála RMD ainmnithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith faoi Airteagal [24] den Treoir sin.

* Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj>);

- (7) [...]

(8) cuirtear an tAirteagal 23a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 28a

Nós imeachta coiste

1. Beidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de chúnamh ag an gCoimisiún*⁺. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach (IO L, ..., ELI: ...);

** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).’.

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir an Rialacháin atá in 2023/0436 (COD) agus cuir isteach an uimhir, an dáta agus an tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

Airteagal 4
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 181/2011

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 mar a leanas:

(0) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ach i gcás inar giorra ná 250 km fad sceidealta na seirbhíse, beidh feidhm ag Airteagal 4(2), Airteagal 9, Airteagal 10(1), Airteagal 16(1), pointe (b), Airteagal 16(2), Airteagal 17(1) agus (2), Airteagal 24, Airteagal 25, Airteagal 25a a mhéid a thagraíonn sé don fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 24 agus 25, Airteagal 26 go 28 agus Airteagail 28b agus 28c.’;

(0a) in Airteagal 3, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach:

‘(r) ciallaíonn ‘madra cúnaimh aitheanta’ madra atá oilte go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinneadh daoine faoi mhíchumas a mhéadú, ar madra é a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do na rialacha sin.’;

(1) cuirtear an tAirteagal 19a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 19a

Iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh a chur isteach

0. Cuirfidh iompróirí paisinéirí ar an eolas go soiléir faoin bpróiseas chun aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh faoi Airteagal 19.

0a. Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarrataí ar aisíocaíocht nó cúiteamh a chur isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1, as an bhfoirm a chuir an t-iompróir ar fáil i gcomhréir le mír 3 nó trí mhodhanna eile. Ní dhiúltóidh iompróirí d’iarraidh ar an bhforas nár bhain an paisinéir úsáid as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 ná as an bhfoirm a chuir an t-iompróir ar fáil i gcomhréir le mír 3, ná gur sheol sé an fhoirm trí mhodhanna eile seachas na modhanna leictreonacha dá dtagraítear i mír 3.

Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarraidh a chur isteach i dteanga na háirithinte ar a laghad.

Mura bhfuil iarraidh beacht go leor, iarrfaidh an t-iompróir ar an bpaisinéir an iarraidh a shoiléiriú agus a chomhlánú.

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear foirm choiteann le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh faoi Airteagal 19. Bunófar an fhoirm choiteann sin i bhformáid atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 31a(2). Cuirfidh an Coimisiún an fhoirm choiteann ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais nó ar a shuíomh gréasáin.
2. [...]
3. Déanfaidh iompróirí, i gcás inar féidir agus gan moill mhíchuí, foirm le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh faoi Airteagal 19 a bhunú agus a tharchur chuig paisinéirí, nó nasc a sholáthar lena gceadófar rochtain dhíreach ar an bhfoirm sin nó ar an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Soláthróidh iompróirí sonraí ar a suíomh gréasáin, mar shampla seoladh ríomhphoist, a bhféadfadh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh a sheoladh chucu trí mhodhanna leictreonacha. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin i gcás inarb ann do mhodhanna leictreonacha cumarsáide eile lena bhféadfaidh le paisinéirí aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh, cuir i gcás an fhoirm dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin nó ar fheidhmchláir mhóibíleacha, ar choinníoll go dtairgtear leis na modhanna sin, i bhformáid inrochtana, an rogha agus an fhaisnéis a leagtar amach san fhoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 agus go bhfuil siad ar fáil i dteanga na háirithinte ar a laghad.

4. [...];

(2) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina gcealaítear imeacht seirbhíse tráthrialta nó ina gcuirtear moill air sin, déanfaidh an t-iompróir, nó, i gcás inarb iomchuí, an comhlacht bainistithe críochfoirt na paisinéirí a bheidh ag imeacht ó chríochfoirt a chur ar an eolas maidir leis an staid agus lena gcearta paisinéirí faoin Rialachán seo a luaithes is féidir agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis thráth sceidealaithe an imeachta, agus cuirfidh sé iad ar an eolas freisin maidir leis an am imeachta measta agus leis an am teachta measta a luaithes a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. An fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhíreanna 1 agus 2 soláthrófar í freisin trí mheán leictreonach do na paisinéirí uile, lena n-áirítear iad sin a bheidh ag imeacht ó stadanna bus, laistigh den teorainn ama a sholáthraítear i mír 1, má chomhaontaigh an paisinéir leis sin agus má sholáthair sé na sonraí teagmhála is gá don iompróir nó, i gcás inarb iomchuí, don chomhlacht bainistithe críochfoirt, agus an ticéad á cheannach.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil V:

‘Chaibidil V

Rialacha ginearálta, cáilíocht na seirbhíse agus gearáin’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

‘Airteagal 24

Ceart chun faisnéise i leith taistil

Déanfaidh iompróirí agus comhlachtaí bainistithe críochfoirt, laistigh dá réimsí inniúlachta féin faoi seach, faisnéis leordhóthanach a sholáthar do phaisinéirí le linn dóibh a bheith ag taisteal, i bhformáidí atá inrochtana do chách agus sna teangacha céanna leis na teangacha ina gcuirtear faisnéis ar fáil de ghnáth do na paisinéirí uile.’;

(5) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Le linn ticéid a dhíol le haghaidh seirbhísí bus agus cóiste, déanfaidh iompróirí agus comhlachtaí bainistithe críochfoirt, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, a áirithiú go soláthrófar an méid seo a leanas do phaisinéirí:

- (a) faisnéis iomchuí agus chuimsitheach maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoin Rialachán seo,
- (b) sonraí teagmhála iompróirí nó, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí bainistithe críochfoirt,
- (c) sonraí teagmhála an chomhlachta forfheidhmithe nó na gcomhlachtaí forfheidhmithe arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag an mBallstát de bhun Airteagal 28(1).

Soláthrófar an fhaisnéis, dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin trí mheán leictreonach más féidir lena n-áirítear ag críochfoirt agus, i gcás inarb infheidhme, ar an idirlíon. Arna iarraidh sin do dhuine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe soláthrófar an fhaisnéis, i gcás inar féidir, i bhformáid inrochtana.’;

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 23a seo a leanas:

‘Airteagal 23a

Modhanna cumarsáide le paisinéirí

An fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 20, agus 24 agus Airteagal 25(1) de réir mar is infheidhme, soláthrófar í san fhormáid is iomchuí, i gcás inar féidir go teicniúil trí mheán leictreonach.

I gcás ina soláthraítear faisnéis trí mheán leictreonach cumarsáide, áiritheoidh iompróirí, comhlachtaí bainistithe críochfoirt, díoltóirí ticéad, agus tionscnóirí turas gur féidir aon chomhfhreagras i scríbhinn a choinneáil i gcomhair a thuilleadh tagartha, lena n-áirítear dáta agus am an chomhfhreagrais sin. Is ar iompróirí, ar chomhlachtaí bainistithe críochfoirt, ar dhíoltóirí ticéad agus ar ghníomhairí taistil a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis na ceistanna i dtaobh an ndearna siad an fhaisnéis is gá a sholáthar do phaisinéirí agus cathain a rinne siad amhlaidh. Le gach modh cumarsáide cuirfear é ar a chumas don phaisinéir teagmháil a dhéanamh leo go tapa agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil.’;

- (7) [...]
- (8) cuirtear isteach Airteagal 28b agus Airteagal 28c mar a leanas:

Airteagal 28b

Comhroinnt faisnéise le comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

Féadfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a iarraidh ar iompróirí agus ar chomhlachtaí bainistithe críochfoirt doiciméid agus faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun a bhfeidhm a chomhlíonadh. Soláthrófar na doiciméid agus an fhaisnéis sin laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, mura sonraítear a mhalairt.

Airteagal 28c

Faisnéis maidir le réiteach malartach díospóidí arna dhéanamh ag comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

I gcás inar gá, cuirfidh an comhlacht forfheidhmithe náisiúnta a ndéanann an paisinéir gearán chuige i gcomhréir le hAirteagal 28(3), nó aon chomhlacht eile arna ainmniú ag Ballstát chun na críche sin de bhun na forála sin, an gearánach ar an eolas maidir lena cheart chun dul i dteagmháil le comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí chun sásamh aonair a lorg.

Féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh tríd an bpaisinéir a tharchur chuig an uirlis idirghníomhach [liosta na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith] a choinníonn an Coimisiún ar bun de bhun Airteagal [20] de Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó, i gcás inarb iomchuí, chuig na pointí teagmhála RMD ainmnithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith faoi Airteagal [24] den Treoir sin.

* Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj>);

(9) [...]

(10) cuirtear isteach an tAirteagal 23a seo a leanas:

‘Airteagal 31a

An nós imeachta coiste

1. Beidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de chúnamh ag an gCoimisiún⁺. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{**}.

I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach (IO L, ..., ELI: ...);

** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).’.

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir an Rialacháin atá in 2023/0436 (COD) agus cuir isteach an uimhir, an dáta agus an tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

Airteagal 5
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2021/782

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/782 mar a leanas:

(0) in Airteagal 3, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach:

(23) ciallaíonn ‘madra cúnaimh aitheanta’ madra atá oilte go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinneadh daoine faoi mhíchumas a mhéadú, ar madra é a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do na rialacha sin.’;

(0a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(2), pointe (b):

‘(b) cóiríocht óstáin nó eile, agus iompar idir an stáisiún iarnróid agus áit na cóiríochta, i gcásanna inar gá fanacht oíche amháin nó níos mó nó fanacht breise, in áit ina bhfuil sin indéanta go fisiciúil agus nuair atá sin indéanta go fisiciúil. I gcásanna ina mbeidh gá le fanacht den sórt sin i ngeall ar na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 19(10), féadfaidh an gnóthas iarnróid fad na cóiríochta a theorannú go trí oíche ar a mhéad. Cuirfear san áireamh riachtanais rochtana daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus madraí cúnaimh, nuair is indéanta;’;

(0b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(5):

‘5. Agus míreanna 1 go 4 á gcur i bhfeidhm aige, tabharfaidh an gnóthas iarnróid a oibríonn an tseirbhís aird ar leith ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chomh maith le riachtanais aon duine a bheidh á dtionlacan agus madraí cúnaimh aitheanta.’

(0c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(1), pointe (c):

‘(c) ceadófar do mhadra cúnaimh a bheith ina gcuideachta i gcomhréir le haon dlí ábhartha náisiúnta;’

(0d) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirfear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Airteagal 25

Cúiteamh i leith trealamh soghluaisteachta, feistí cúnta agus madraí cúnaimh

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás inar cúis iad na gnóthais iarnróid nó na bainisteoirí stáisiúin le cailleadh trealamh soghluaisteachta, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí agus feistí cúnta, nó caillteanas nó gortú madraí cúnaimh aitheanta arna n-úsáid ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, nó le damáiste do na nithe sin, beidh na gnóthais faoi dhliteanas i leith an damáiste, an chaillteanais nó an ghortaithe sin agus cuirfidh siad cúiteamh ar fáil gan moill mhíchuí. Is éard a bheidh sa chúiteamh sin:

- (a) an costas a ghabhann le hathsholáthar nó deisiú an trealaímh soghluaisteachta nó na bhfeistí cúnta a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dóibh;
- (b) an costas athsholáthair nó an costas a bhaineann le cóir leighis don ghortú a bhain do mhadra cúnaimh a cailleadh nó a gortaíodh; agus
- (c) costais réasúnacha an athsholáthair shealadaigh le haghaidh trealamh soghluaisteachta, feistí cúnta nó madraí cúnaimh i gcás nach soláthraíonn an gnóthas iarnróid nó an bainisteoir stáisiúin an t-athsholáthar sin i gcomhréir le mír 2.’;

- (1) cuirtear isteach an tAirteagal 30a seo a leanas:

‘Airteagal 30a

Modhanna cumarsáide le paisinéirí

I gcás ina ndéantar faisnéis faoin Rialachán seo a sholáthar do phaisinéirí trí mheán leictreonach cumarsáide, áiritheoidh gnóthais iarnróid, bainisteoirí stáisiúin, agus díoltóirí ticéad gur féidir aon chomhfhreagras i scríbhinn a choimeád i gcomhair a thuilleadh tagartha, lena n-áirítear dáta agus am an chomhfhreagrais sin. Is ar ghnóthais iarnróid, ar bhainisteoirí stáisiúin agus ar dhíoltóirí ticéad a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis na ceisteanna i dtaobh an ndearna siad an fhaisnéis is gá a sholáthar do phaisinéirí agus cathain a rinne siad amhlaidh. Le gach modh cumarsáide cuirfear é ar a chumas don phaisinéir teagmháil a dhéanamh leo go tapa agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil.’;

- (4) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

1. Beidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de chúnamh ag an gCoimisiún*⁺. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach (IO L, ..., ELI: ...).’;

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, sraithuimhir an Rialacháin atá in 2023/0436 (COD) agus cuir isteach an uimhir, an dáta agus an tagairt IO san fhonóta comhfhreagrach.

(b) i mír 2, cuirtear an dara fomhír isteach mar a leanas:

‘I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [2 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
